

## Cnoc an Línsigh

### 1.0 Comhthéacs/Carachtar an tSráidbhaile

Tá Cnoc an Línsigh suite gar don chuid lárnach de Chontae na Mí, 38km siar ó lár chathair Bhaile Átha Cliath. Tá sé 10km ó dheas ó Bhaile Átha Troim agus 12km ó thuaidh ó Chill Choca. Tagann ardchaighdeán suntasach na n-áiseanna agus oidhreachta i gCnoc an Línsigh ó ardchaighdeán lár an tsráidbhaile. Cruthaíonn an fhaiche chúng lárnach, a bhfuil foirgnimh le stíleanna éagsúla timpeall air, chomh maith lena hailíniú le bealach isteach iareastát Chnoc an Línsigh, timpeallacht mhealltach mhaorga. Neartaítear carachtar Chnoc an Línsigh trí líon suntasach crann duillsilteach.

Freastalaíonn Cnoc an Línsigh ar chúlchríoch leathan tuaithe. Tá sé difriúil ó shráidbhailte eile sa cheantar, ar scálaí comhchosúla, sa tslí is go bhfuil eastát fostaíochta/tionsclaíochta cuíosach mór laistigh de teorann an tsráidbhaile. Soláthraíonn Cnoc an Línsigh réimse leathan seirbhísí miondíola agus tráchtála.

Áit san Ordlathas Ionanníochta	Sráidbhaile		
<b>Daonra</b>	2011	2016	% Athrú
	832	878	Méadú 5.5% ar dhaonra
<b>Leithdháileadh Teaghlaigh na Croístraitéise</b>	40		
<b>Aonaid a ghealltar nár tógadh fós</b>	14		
<b>Uimh. an tSoláthair Tithíochta</b>	327		
<b>Áiseanna Oideachais</b>	Scoil an Daingin (thart ar 620m lasmuigh den teorann forbraíochta).		
<b>Saoráidí Pobail</b>	Clós Súgartha, Ionad Pobail, Cúirt Leadóige, Áis Chúram Leanaí, tailte CLG, Ionad Cúraim Phríomhúil, Eaglais (lasmuigh den sráidbhaile), Oifig an Phoist, Stáisiún na nGardaí.		
<b>Limistéar Caomhantais Ailtireachta</b>	Is ea. Cuimsíonn teorann an LCA do Chnoc an Línsigh sráidbhaile an eastáit agus a fhaiche lárnach, an bealach isteach go Teach Chnoc an Línsigh ar an taobh dheas den fhaiche agus an cúngú go Bóthar Bhaile Átha Troim ar an taobh thuaidh. Socraítear na teorannacha ar an dá thaobh den fhaiche de réir dhoimhneacht na gceapach aonair.		
<b>Struchtúir Chosanta</b>	RPS MH043-200 Teach RPS MH043-201 Teach Tábhairne Shaw RPS MH043-202 Caidéal Uisce RPS MH043-203 Geataí Theach Chnoc an Línsigh RPS MH043-205 agus MH043-206 Tithe Sraithe		
<b>Toilleadh Bonneagair</b>	Stáisiún Cóireála Fuíolluisce Chnoc an Línsigh-Toilleadh ar Fáil.		

	Stáisiún Cóireála Uisce Bhaile Átha Troim-Toilleadh ar Fáil.
<b>Measúnacht Straitéiseach ar Phriacail Tuile</b>	Líon na gCriosanna Tuile Aitheanta A agus B Lasmuigh Beartais um Bainistíocht Riosca i gcás Tuilte a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hImleabhar a hAon den PFC.
<b>Láithreáin Natura 2000</b>	Ní hea. An láithreán Natura 2000 is gaire ná Limistéar Caomhantais Speisialta na Bóinne agus na hAbhann Móire thart ar 8km ar fad ar an taobh thiar thuaidh.
<b>Crios Acmhainneachta Seandálaíochta</b>	Is ea, tá sé lonnaithe i lár an tsráidbhaile.

## 2.0 Fís

An fhís atá ann do Chnoc an Línsigh a fhorbairt thar Thréimhse an Phlean Fhorbartha seo ná Lár an tsráidbhaile mealltach aitheanta a chomhdhlúthú agus a neartú, agus tábhacht chaomhnú agus neartú ardchaighdeán chomhshaol foirgneamh agus nádúrtha an tsráidbhaile a aithint, fad is a freastalaítear ar riachtanais gach cuid den phobal áitiúil.

## 3.0 Deiseanna

Soláthraíonn Cnoc an Línsigh le haghaidh úsáidí éagsúla talaimh agus tá sé suite go maith chun freastal ar fhás meáite amach anseo. Tá deiseanna ann talamh chúil a fhorbairt, réadmhaoine ar an taobh thiar agus thoir d'Fhaiche an tsráidbhaile, ach go háirithe. Tá suíomh uathúil ag an sráidbhaile a bhfuil faiche sráidbhaile ann chomh maith le sraithradhairc i dtreo Eastát Chnoc an Línsigh. Tá struchtúr poiblí níos laige ag Cnoc an Línsigh ar an taobh thuaidh den lár agus d'fhéadfadh feabhsúcháin ar an áit seo feabhas shuntasach a thabhairt do shuíomh foriomlán an tsráidbhaile.

## 4.0 Straitéis Úsáid Talún

Tá soláthair lár comhtháithe beoga sráidbhaile riachtanach dá mbeadh Cnoc an Línsigh in ann freastal ar a riachtanais daonra reatha agus amach anseo i slí inmharthana. Tá na príomhúsáidí talaimh ag an lonnaíocht atá ag teastáil chun pobal a fhéin-chothaíonn a bheag nó a mhór a chothabháil. Déanann an straitéis um úsáid talaimh iarracht forbairt na suíomhanna inlíonta/neamhfhorbartha in aice leis an lár a chur chun cinn agus na húsáidí measctha talaimh a chothabháil fad is a bhíonn sé ag éascú fás cónaitheach nádúrtha chun na húsáidí talamh a chothabháil agus chun tacú leo.

### 4.1 Lonnaíocht agus Tithíocht

Bhí fás measartha i gCnoc an Línsigh idir 2011-2016, mar sin féin, sna 15 bliana roimhe sin tháinig fás 66% ar dhaonra an tsráidbhaile leis an chuid is mó den fhás seo ag tarlú ar, nó gar do, imeall an tsráidbhaile. Agus tagairt á déanamh chuig forálacha na Croístraitéise agus an léithdháileadh de 136 teaghlach, aimsíodh talamh sa suíomh ceart le haghaidh úsáidí cónaitheacha le haghaidh shaol an Phlean Fhorbartha agus ina dhiaidh sin.

### 4.2 Geilleagar agus Fostaíocht

Aithnítear Cnoc an Línsigh mar lár miondíola leibhéal 4 in Ordlathas Miondíola an Chontae agus léirítear é sin i réimse measartha na seirbhísí miondíola / tráchtála a sholáthraítear sa sráidbhaile.

I measc na bhforálacha tráchtála tá: dhá shiopa grósaera/áise, siopa geallghlacadóra, dhá bheár/bhialann, dhá bhialann ghasta, cógaslann, dhá shiopa gruagaire/sciamhlann, siopa bearbóra, siopa búistéara, dhá shiopa do dhíolachán carranna/dheisiúchán carranna, siopa crua earraí, comhar creidmheasa, stáisiún peitрил, oifig an phoist agus monarcha seacláide. Tá spás fós ann le haghaidh fás eile miondíola/tráchtála má bhíonn an t-éileamh ann agus aithníodh neart talaimh le húsáid i lár an tsráidbhaile. Agus é difriúil ó na hiomaí sráidbhaile ar an méid céanna sa chontae, tá ionad fiontair ar an taobh thiar den sráidbhaile agus tá na tailte seo ainmnithe le haghaidh úsáid fostaíochta.(i.e.E2). Tá sé riachtanach go gcoinneofaí na tailte seo chun críche fostaíochta chun barr a gcumais a bhaint amach i bhfostaíocht áitiúil a chruthú chomh maith le leasanna eacnamaíochta 'iarmhartacha' don sráidbhaile ina iomláine.

### 4.3 Bonneagar

Freastalaíonn Stáisiún Cóireála Uisce Baile Átha Troim agus Stáisiún Cóireála Fuíolluisce Chnoc an Línsigh ar Chnoc an Línsigh i láthair na huaire. Tá toilleadh ann maidir le soláthair uisce agus cóireáil fuíolluisce agus an aidhm ná an toilleadh a chothabháil de réir mar is gá.

### 4.4 Gluaiseacht

Tá go leor bóithre agus ghluaiseacht tráchta fheithicleaigh i gCnoc an Línsigh, ar an taobh thuaidh ach go háirithe. Tá easpa tréscailteachta ann ó na príomhshráideanna cé go bhfuil formhór na seirbhísí/na n-áiseanna faoi fhad compordach siúil (400 méadar – 5 nóiméad) mar gheall ar leagan amach gathach an tsráidbhaile. Bheadh foráil tuilleadh bonneagair do ghluaiseacht coisithe agus rothaíochta chun leasa an tsráidbhaile.

Tá forbairt naisc bhus iompair phoiblí ríthábhachtach chun déanamh cinnte go mbíonn deighilt córa iompair níos fearr i bhfabhar iompair phoiblí agus amach ón mótarfheithicil phríobháideach. Tá seirbhís iarnróid ar fáil ó Chill Choca agus ón mBóthar Buí. Bheadh sé tairbheach dá mbeadh seirbhís sceidealaithe bus ann chuig an stáisiún traenach i gCill Choca a bhfuil thart ar 11km ón sráidbhaile. Ina theannta sin, tá sé riachtanach go ndéanfaidh sráidbhaile ar méid Chnoc an Línsigh cothabháil ar naisc mhaithe iompair le ceantair uirbeacha máguaird, ar nós Baile Átha Troim, chun daonra agus deiseanna féideartha gnó a mhealladh sa todhcháí.

### 4.5 Oidhreacht Chultúrtha agus Nádúrtha

Cruthaíonn Faiche an tSráidbhaile, a bhfuil tithe cathrach ann, lár sráidbhaile d'ardchaighdeáin. Tá líon struchtúr cosanta in aice láimhe, lena n-áirítear Teach Tábhairne Shaw, Geataí Theach Chnoc an Línsigh, agus na Tithe Sraithe ar an taobh thoir d'fhaiche an tsráidbhaile. Tá croílár Chnoc an Línsigh mar chuid de Cheantar Chaomhantais Ailtireachta. Sa CCA tá sráidbhaile an eastáit agus a fhaiche lárnach, an bealach isteach go Teach Chnoc an Línsigh ar an taobh theas den fhaiche agus an cúngú go dtí Bóthar Bhaile Átha Troim ar an taobh thuaidh den sráidbhaile. Ní mór aire a thabhairt maidir le haon tograí sa réimse seo amach anseo.

Níl aon láithreán Natura 2000 sa sráidbhaile, an láithreán is gaire ná ceann thart ar 8km ar fhad. Tá neart crann suntasach ann ar fiú cosaint a thabhairt dóibh, go háirithe timpeall Fhaiche an tSráidbhaile agus Eastát Chnoc an Línsigh.

### 4.6 Bonneagar Glas

Tá láidreachtaí a shonraíonn áiteanna ag Faiche an tSráidbhaile a théann i dtreo Eastát Chnoc an Línsigh a sholáthraíonn cúlra glas don sráidbhaile. Neartódh feabhsúcháin leanúnacha ar Fhaiche an tSráidbhaile agus ar na radhairc i dtreo an Eastáit suíomh an tsráidbhaile tuilleadh.

## 4.7 Bonneagar Sóisialta

Ba chóir monatóireacht a dhéanamh ar leibhéil reatha na n-áiseanna sibhialta agus pobail chun freastal ar riachtanais an tsráidbhaile don daonra reatha agus an daonra amach anseo. Is lár teagmhála sóisialta é Ionad Pobail Chnoc an Línsigh sa sráidbhaile ach d'fhéadfadh an suíomh bheith srianta maidir le fás/forbairt amach anseo. Chinntigh an Creatlach Forbartha seo gur sonraíodh go leor talaimh le haghaidh úsáid an phobail laistigh de lár an tsráidbhaile chun freastal ar fhás sa todhchaí maidir leis seo más gá. Chuirfeadh soláthair bealach rothaíochta chuig Scoil an Daingin sa tuaisceart feabhas ar an rochtain ar an scoil agus a tréscailteacht.

## 4.8 Dearadh Uirbeach agus Réimse Poiblí

Tá sráidbhaile Chnoc an Línsigh bunaithe ar leagan amach clasaiceach a bhaineann le forbairt Theach agus Eastát Chnoc an Línsigh ar an taobh theas den sráidbhaile. Ar an taobh thuaidh d'fhaiche an tsráidbhaile tá an fhoirgníocht uirbeach níos laige agus bheifí ag iarraidh feabhas a chur ar an réimse poiblí agus ar an sráid-dreach chun teacht le Faiche an tsráidbhaile. Tá sé tábhachtach caitheamh le forbraíocht inlíonta/thalamh chúil go tuisceanach, chomh maith le caomhnú fhoirgnimh traidisiúnta stíle chun carachtar Chnoc an Línsigh a chosaint.

## 5.0 Beartais agus Cuspóirí Forbartha do Bhailte/Shráidbhailte

Tá na Beartais agus na Cuspóirí a leagtar amach thíos de bhreis ar na cinn siúd a shonraítear sa Ráiteas i Scríbhinn in Imleabhar a hAon den Phlean Forbartha Contae. Chun an t-athrá a sheachaint, ní athluaitear Beartais agus Cuspóirí ach amháin má tá ábharthacht ar leith ag baint leo maidir leis an lonnaíocht. Ba cheart na Beartais agus na Cuspóirí seo a léamh mar sin in éineacht leis na Beartais agus na Cuspóirí agus na Caighdeáin Forbartha in Imleabhar a hAon den Phlean Forbartha Contae.

### Beartas

Is é beartas na Comhairle é

SUM POL 1	Forbairt an tsráidbhaile sa todhchaí a chur chun cinn go mbeidh lonnaíocht chomhtháite ann le timpeallacht a oireann do choisithe, agus go spreagfadh réimse úsáidí talaimh agus áiseanna forbraíocht a neartódh caighdeán chomhshaol nádúrtha agus tógtha an tsráidbhaile, fad is a fhreastalaítear ar riachtanais gach cuid den phobal áitiúil le cinntiú go bhforbraíonn an sráidbhaile i slí inmharthana.
-----------	---------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------

### Cuspóirí

Is é cuspóir de chuid na Comhairle é

### Lonnaíocht agus Tithíocht

SUM OBJ 1	Cur i bhfeidhm Croístraitéise Phlean Forbartha an Chontae a chinntiú, chomh fada agus is féidir, agus cinnte a dhéanamh nach sáraítear an léithdháileadh teaghlaigh do Chnoc an Línsigh mar a leagtar amach i dTábla 2.11 den Chroístraitéis.
-----------	-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------

SUM OBJ 2	Tacaíocht agus spreagadh a thabhairt d'fhorbraíocht chónaitheach ar thalamh nach n-úsáidtear a dhóthain agus/nó ar thalamh folamh lena n-áirítear láithreáin 'inlíonta' agus 'athfhorbraíochta', ag brath ar dhearadh agus leagan amach d'ardchaighdeán a bhaint amach.
SUM OBJ 3	Deiseanna chun "bheith ag cónaí thar an siopa" a chur chun cinn.

### Eacnamaíocht agus Fostaíocht

SUM OBJ 4	Forbraíocht tráchtála/miondíola laistigh de lár an tsráidbhaile a chomhdhlúthú agus chun forbraíocht inlíonta/thalamh chúil a chur chun cinn chun riachtanais tráchtála an tsráidbhaile a chomhlíonadh le linn shaol an Phlean Fhorbartha.
SUM OBJ 5	Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt talamh a aithnítear le haghaidh chuspóir críosaithe E2 don úsáid talamh chun críche fostaíochta a chruthú.
SUM OBJ 6	Beocht agus inmhharthanacht croílár an tsráidbhaile a chothabháil agus a fheabhsú mar fhócas gach gníomhaíochta tráchtála agus miondíola, chun meascán agus éagsúlacht siopadóireachta áitiúla a chinntiú chun riachtanais siopadóireachta an phobail áitiúil a chomhlíonadh.

### Bonneagar

SUM OBJ 7	Chun dul i gcomhairle agus chun tacaíocht a thabhairt d'Uisce Éireann i soláthar na seirbhísí uisce cuí chun teacht le riachtanais fhorbartha sa bhaile laistigh de thréimhse an Phlean.
-----------	------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------

### Gluaiseacht

SUM OBJ 8	Chun soláthar chrois do choisithe ón Ionad Pobail chuig lár an tsráidbhaile a éascú.
SUM OBJ 9	Chun iniúchadh a dhéanamh ar fheabhsúcháin acomhail ag an R156 (ar aghaidh Theach Tábhairne Shaw) chun gluaiseacht coisithe a fheabhsú san áit seo.
SUM OBJ 10	Críoch bhealach rothaíochta go dtí Scoil an Daingin a éascú i dteannta tacadóirí ábhartha.

### An Oidhreacht Cultúrtha agus Náisiúnta

SUM OBJ 11	Bheith ag iarraidh go mbeadh gach togra forbraíochta laistigh de nó teorantach le Limistéar Chaomhantais Ailtireachta ag teacht le carachtar na háite, go mbeadh an dearadh cuí maidir le hairde, scála, dlús na ceapaí, leagan amach, na hábhair agus bailchríocha, agus go mbeadh sé suite agus deartha go cuí le comhairle a tugadh i gCarachtar Limistéar Chaomhantais Ailtireachta Chnoc an Línsigh.
SUM OBJ 12	Chun crainn a aithnítear ar an léarscáil críosaithe um úsáid talaimh a chosaint, lena n-áirítear iad siúd gar d'Fhaiche an tSráidbhaile, do bhealach isteach Eastát Chnoc an Línsigh agus ar feadh an R156.

**Sóisialta**

SUM OBJ 13 Chun cur i bhfeidhm Phlean Pobail Chnoc an Línsigh agus a éascú agus chun tacú leis chomh maith le tograí eile á dtreorú ag an bpobal chun an Sráidbhaile a fheabhsú go ginearálta fad is a chinntítear go gcloíonn na tograí seo le cuspóirí forbartha sa Ráiteas Scríofa don Sráidbhaile.

**Dearadh Uirbeach agus Ríocht Phoiblí**

SUM OBJ 14 Iarracht a dhéanamh feabhsúcháin ar an réimse poiblí sa Sráidbhaile a éascú ag díriú ar cheansú tráchta chun cothromaíocht níos fearr a bhaint amach idir riachtanais an choisí / rothaí / chóras iompair agus an chairr phríobháidigh. I measc na mbeart eile d'fhéadfadh go mbeadh soiléireacht sráide níos fearr, cláir ardaithe ag nascadh Faiche an tSráidbhaile leis na cosáin ar an dá thaobh; feabhsúcháin ar na cosáin ar fud an tsráidbhaile, plandú agus 'maolú' ar an taobh thuaidh de lár an tsráidbhaile chomh maith le soilsiú feabhsaithe poiblí.

SUM OBJ 15 Cinntiú go bhfuil meas ag gach forbraíocht nua ar scála, fhoirm agus charachtar an tsráidbhaile.